COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

**An Bhruiséil, 23 Samhain 2012 (27.11) (OR. en)**

**16489/12**

**LIMITE**

**FISC 174**

PUBLIC

**NÓTA ÍTIME "I/A"**

| | |
|---|---|
| from: | An Ardrúnaíocht |
| to: | Coreper/An Chomhairle |
| Ábhar: | An Cód Iompair (Cánachas Gnó)<br>- Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle |

1. Le linn cruinnithe de chuid na Meithle um an gCód Iompair (Cánachas Gnó) a bhí ar siúl an 08 Samhain 2012, chomhaontaigh na toscaireachtaí an tuarascáil ón Meitheal chuig an gComhairle mar a leagtar amach in 16488/12 FISC 173 í.

2. Chuir Cathaoirleach an Ghrúpa na dréacht-chonclúidí ón gComhairle a leanas chun cinn agus chomhaontaigh na Ballstáit uile iad:

"Maidir leis an gCód Iompair (Cánachas Gnó), déanann Comhairle an Aontais Eorpaigh an méid seo a leanas:

- fáiltíonn sí roimh an dul chun cinn a chuir an Mheitheal um an gCód i gcrích le linn Uachtaránacht na Cipire mar a leagtar sin amach ina tuarascáil (16488/12 FISC 173);

- iarrann sí ar an Meitheal tuilleadh faireacháin a dhéanamh ar *standstill* agus ar chur i bhfeidhm an rollta siar, agus ar a cuid oibre faoi Phacáiste Oibre 2011;

- spreagann sí an Coimisiúin chun leanúint den chaibidlíocht leis an Eilbhéis mar atá sí leagtha amach i dTuarascáil na Meithle agus chun an Mheitheal a chur ar an eolas go tráthrialta maidir leis an dul chun cinn;

- iarrann sí ar an Meitheal tuairisc ar a cuid oibre a chur faoi bhráid na Comhairle faoi dheireadh Uachtaránacht na hÉireann."

3. D'iarr an Spáinn go gcuirfí ráiteas mar Iarscríbhinn le Miontuairiscí na Comhairle ag a nglacfar na Conclúidí thuasluaite go foirmiúil.

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe:

- an tuarascáil (16488/12 FISC 173) maraon leis na dréacht-Chonclúidí ón gComhairle thuasluaite agus an ráiteas san Iarscríbhinn a chur chuig an gComhairle;

- moladh don Chomhairle na dréacht-Chonclúidí seo a ghlacadh mar mhír "A" ar an gclár oibre agus an ráiteas a chur isteach i Miontuairiscí na Comhairle;

**<u>RÁITEAS ÓN SPÁINN</u>**

Tacaíonn Ríocht na Spáinne go hiomlán le Conclúidí na Comhairle ECOFIN, le toradh an athbhreithnithe ón Meitheal um an gCód Iompair (Cánachas Gnó) agus leis an measúnú atá déanta ag an gCoimisiún maidir le hurchóideacht "An Ghnímh um Cháin Ioncaim 2010" de chuid réimeas Giobráltar.

Is mian leis an Spáinn a léiriú, áfach, mar atá sa tuarascáil atá ullmhaithe ag an ngrúpa, go bhfuil toradh an athbhreithnithe agus an measúnú bunaithe ar anailís ar chineál fíorshonrach ioncaim: ús, gan aon mheasúnú a bheith déanta ar ghnéithe eile den réimeas a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh. Dá bhrí sin, forchoimeádann Ríocht na Spáinne de cheart aici féin go n-iarrfadh sí amach anseo leanúint den anailís agus den mheasúnú ar ghnéithe nach bhfuil anailís déanta orthu faoi láthair.